Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# #Ollghlantachán Dhún na nGall '24

Is mian leis an Chomhairle gach glantachán atá ar siúl mar chuid **d' #Ollghlantachán Dhún na nGall '24** a chur i mbéal an phobail. Chun é sin a dhéanamh, foilseoidh an Chomhairle sonraí faoi na glantacháin agus sonraí teagmhála an lucht eagraithe, agus chomh fada agus is féidir leo, foilseoidh an Chomhairle na sonraí ar a suíomh idirlín, ar na meáin shóisialta agus fríd na meáin áitiúla. Seans go ndéanfar teagmháil leis an lucht eagraithe le cúpla focal a rá chun glantacháin s'acu a fhógairt go poiblí.

An mbeifeá sásta dá ndéanfadh an Chomhairle nó meáin eile teagmháil leat chun dul i mbun agallaimh agus/nó do shonraí teagmhála a fhoilsiú?

Bheadh: ☐ Ní bheadh: ☐

**An tIonad d'Oibrithe Deonacha Dhún na nGall**: In 2024, fógróidh An tIonad d'Oibrithe Deonacha Dhún na nGall glantacháin mar chuid **d'#Ollghlantachán Dhún na nGall24** chun iarracht a dhéanamh oibrithe deonacha breise a mhealladh le lámh chuidithe a thabhairt do ghrúpaí pobail.

An bhfuil tú sásta go bhfógróidh An tIonad d'Oibrithe Deonacha Dhún na nGall do ghlantachán agus go bhfoilseoidh siad sonraí teagmhála do do lucht eagraithe?

Tá: ☐ Níl: ☐

Ar chláraigh tú le An Taisce – Glantachán Náisiúnta an Earraigh?

Chláraigh: ☐ Níor Chláraigh: ☐

Bí cinnte d'ordú a chur isteach le haghaidh trealaimh don ghlantachán ar a laghad seachtain roimh ré chun a bheith cinnte go mbeidh an trealamh ar fáil ar an dáta atá socraithe don ghlantachán.

**Ainm an Ghrúpa:**

_______________________________________________________

**(Priontáil Ainm)**
**Ainm an Teagmhálaí:** _______________________________________________________
**(Priontáil Ainm)**
**Seoladh:** _______________________________________________________

**Uimh. Teil:** _________________ **Uimh Fón Póca:** ______________ **Ríomhphost:** _______________________________

**Ainm ar na Meáin Shóisialta (m.sh. Facebook, Twitter):** ______________________________________________________

**Pointe Cruinnithe:** _______________________________________________________

**Dáta agus fad an Ghlantacháin:** _______________________________________________________

**Cá háit ar féidir leis na leoraithe bruscair na málaí bruscair a fháil?**

Nóta: Bí cinnte, le do thoil, go bhfágfar na málaí lán bruscair in áit atá sábháilte, insroichte, saor ó shreanga lasnairde agus in áit gur féidir leis na leoraithe bruscair stopadh gan stró chun na málaí ar fad a thógáil. Ní thógfar na málaí bruscair ó thithe

cónaithe príobháideacha. Labhair le do Mhaor Bruscair Áitiúil chun áit atá fóirsteanach do mhálaí bruscair a fhágáil a shocrú sula dtosóidh tú ar obair an ghlantacháin.

**Acmhainní de dhíth (cuir tic leo):**

Veisteanna sofheicthe; ☐

Veisteanna sofheicthe do pháistí; ☐

Málaí; ☐

Miotóga; ☐

Uirlisi bailithe bruscair; ☐

Uirlisi bailithe bruscair do pháistí; ☐

Scipe bruscair ar cíos: ☐
(sa chás go gceadaíonn an Maor Bruscair é)

Má tá scipe bruscair de dhíth, cuir in iúl na sonraí faoin áit a bhfágfar é: ______________________________________________

## Nótaí Treorach

- Ní bhaileofar málaí ina bhfuil ciumhaiseanna, clocha, scotháin féir. Is glantachán bruscair atá i gceist leis an fheachtas seo.

  **Scipeanna:**
- Ní eiseofar scipeanna ach amháin ar chead ón Mhaor Bruscair ó phríomhoifigí na Comhairle. Ní mór do na Grúpaí sin a dteastaíonn scipe uathu fógra 10 lá ar a laghad a thabhairt don Chomhairle chun socruithe praiticiúla a dhéanamh.

- Ní chuirfear líon mór scipeanna ar fáil ach amháin má mheastar go bhfuil an ceantar atá á ghlanadh i ndrochstaid amach is amach agus go bhfuil cuid mhór earraí toirtiúla caite ann. Beidh ar an Mhaor Bruscair cuairt a thabhairt ar an suíomh chun measúnú a dhéanamh.

- Ní fhágfar na scipeanna san áit thar oíche. Glacfar an chéim seo chun cosc a chur ar dhaoine dramhaíl tí nó dramhaíl tráchtála a lódáil sna scipeanna thar oíche.

**Na meáin shóisialta:**
Ba mhaith leis an Chomhairle grianghraif de ghlantacháin srl. a roinnt ar ár suíomhanna mheáin shóisialta lena n-áirítear Facebook agus Twitter.

Is féidir leat do chuid grianghraf a roinnt ar na suíomhanna seo a leanas:
1. Twitter @DonegalCouncil

2. Facebook@donegalcoco

3. Instagram @donegalcountycouncil

3. Seol grianghraif agus píosa beag fan ghlantachán chuig amoylette@donegalcoco.ie. Nuair a dhéanann tú seo, tá tú ag tabhairt cead do Chomhairle Contae Dhún na nGall na grianghraif agus sonraí a úsáid ar chúiseanna poiblíochta ar líne nó i gcló, agus na tuairiscí san áireamh.

**Ba choir gach foirm a chomhlánú agus chur ar ais chuig**
**Oifig na Comhairle is gaire duit.**